TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2438 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Nollaig 2022

lena leasaítear Treoir 93/49/CEE agus Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a mhéid a bhaineann le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais ar ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha, ar ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus ar phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(5) de,

Ag féachaint do Threoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí ([2]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ([3]) ón gCoimisiún bunaítear liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Leagtar amach ceanglais ann maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de, chun teacht isteach, bunú agus scaipeadh na lotnaidí sin i gcríoch an Aontais a chosc.

(2) Rinneadh leasú le déanaí ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún ([4]) chun stádas fíteashláintíochta lotnaidí áirithe a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta sonracha i gcoinne na lotnaidí sin a leasú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht maidir leis na leasuithe a bhaineann leis na lotnaidí sin, ba cheart na gnéithe nua a léiriú freisin i dTreoir 93/49/CEE ón gCoimisiún ([5]) agus i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún ([6]).

(3) Liostaíodh *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto i gCuid D d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha, mar comhlíonann sé na ceanglais chun bheith liostaithe mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, tá údar maith leis an lotnaid sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE.

([1]) IO L 226, 13.8.1998, lch. 16.

([2]) IO L 267, 8.10.2008, lch. 8.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292. (IO L 485, 22.12.2021, lch. 173).

([5]) Treoir 93/49/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 lena leagtar amach an sceideal ina sonraítear na coinníollacha atá le comhlíonadh ag ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus plandaí ornáideacha de bhun Threoir 91/682/CEE ón gComhairle (IO L 250, 7.10.1993, lch. 9).

([6]) Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le cigireachtaí oifigiúla (IO L 298, 16.10.2014, lch. 22).

(4) Liostaíodh *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gCodanna D agus J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí faoi seach, mar comhlíonann sé na ceanglais chun bheith liostaithe mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, tá údar maith leis an lotnaid sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE.

(5) Is gá freisin bearta a áireamh i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE i gcoinne *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a bheith ar phlandaí áirithe le haghaidh plandú a úsáidtear mar ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus mar phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí.

(6) Liostaíodh *Candidatus* Phytoplasma *australiense* Davis *et al*. mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus baineadh den liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin é. Dá bhrí sin, ba cheart an lotnaid sin a bhaint den liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE agus ba cheart í a bhaint d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin i ndáil le hábhar iomadaithe plandaí torthaí agus le plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí *Fragaria* L.

(7) I dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, leagtar amach an ceanglas go bhfuil ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus *Conformitas Agraria Communitatis* (CAC) saor ó na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir sin, agus faoi réir cheanglais Iarscríbhinn IV, trí amharc-chigireacht sna saoráidí, sna páirceanna agus sna luchtóga, a mhéid a bhaineann leis an ngéineas nó leis an speiceas lena mbaineann.

(8) Chun comhsheasmhacht le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na limistéir a shuitear a bheith saor ó lotnaidí, ba cheart eisceacht ón gceanglas maidir le hamharc-chigireacht, sampláil agus tástáil a dhéanamh ar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus CAC a thabhairt isteach i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún ([7]), údaraíodh Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc oscailte faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach. Chuaigh an t-údarú a tugadh don Fhrainc ina leith sin in éag an 31 Nollaig 2018. Dá bhrí sin, an chuid "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, an láthair táirgthe nó limistéar" i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, i ndáil le hábhair réamhbhunúsacha *Cydonia oblonga* Mill., ba cheart an chuid sin a scriosadh chun a léiriú go ndeachaigh bailíocht an údaraithe sin in éag.

(10) Ó glacadh Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, léirigh taithí na mBallstát, maidir leis na bearta i gcoinne *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider chun luchtóga iomlána d'ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a dhícháiliú ó bheith á margú nuair a bhraitear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí siomptómacha sa láithreán táirgthe, go bhfuil na bearta sin neamhréireach leis an riosca fíteashláintíochta faoi seach. Ba cheart Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na bearta athbhreithnithe bainistithe riosca i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcoinne *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider. Ba cheart aon ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómacha a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE, ceadaítear do na Ballstáit margú ábhair iomadaithe agus plandaí torthaí a thairgtear ó mháthairphlandaí réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó ó ábhar CAC a bhí ann roimh an 1 Eanáir 2017 a údarú ina gcríoch féin, go dtí an 31 Nollaig 2022, fiú amháin mura gcomhlíonann an t-ábhar sin ná na plandaí torthaí sin ceanglais na Treorach Cur Chun Feidhme sin. Léirigh taithí na mBallstát maidir leis an reachtaíocht a chur chun feidhme nach gcumhdaítear deimhniú síolta agus síológ i raon scéim deimhniúcháin an Aontais maidir le hábhar iomadaithe agus plandaí torthaí. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta idirthréimhseacha atá ann faoi láthair maidir le síolta agus síológa a tháirgeadh, agus maidir leis sin amháin, mar gheall ar an am is gá chun na hábhair sin a oiriúnú do cheanglais na Treorach sin. Chun aon chur isteach ar thrádáil na n-ábhar sin a sheachaint, ba cheart síneadh a chur leis an dáta sin go dtí an 31 Nollaig 2029.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2017 lena n-údaraítear Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Feidhme (AE) 2017/167 (IO L 140, 31.5.2017, lch. 7).

(12) Ba cheart ainm luibheolaíoch *Prunus amygdalus* Batsch a athrú go *Prunus dulcis* (Mill.) D. A. Webb chun forbairtí in ainmníocht tacsanomaíoch a chur san áireamh.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 93/49/CEE agus Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE a leasú faoi seach.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir 93/49/CEE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE

Leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) máthairphlandaí réamhbhunúsacha agus ábhar réamhbhunúsach le linn a gcrióchaomhnaithe;

(b) ábhar réamhbhunúsach i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fíteashláintíochta, nó i limistéir a shuitear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).";

(2) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) máthairphlandaí bunúsacha agus ábhar bunúsach le linn a gcrióchaomhnaithe;

(b) ábhar bunúsach i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fíteashláintíochta, nó i limistéir a shuitear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).";

(3) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) máthairphlandaí deimhnithe agus ábhar deimhnithe le linn a gcrióchaomhnaithe;

(b) ábhar deimhnithe i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fíteashláintíochta, nó i limistéir a shuitear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).";

(4) In Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid a leanas:

(a) ábhar CAC le linn a chrióchaomhnaithe;

(b) ábhar CAC i gcás inar táirgeadh an t-ábhar i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó na lotnaidí ábhartha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le bearta fíteashláintíochta, nó i limistéir a shuitear a bheith mar sin (Ceanglais maidir le limistéir saor ó lotnaidí a bhunú. CIBF Uimh. 4 (1995), An Róimh, IPPC, FAO 2017).";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

"*Airteagal 32*

Bearta idirthréimhseacha

I gcás síolta agus síológa arna dtáirgeadh as máthairphlandaí réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó as ábhar CAC a bhí ann roimh an 1 Eanáir 2017, agus atá deimhnithe go hoifigiúil nó a chomhlíonann na coinníollacha le bheith deimhnithe mar ábhar CAC roimh an 31 Nollaig 2029, féadfaidh na Ballstáit margú na síolta agus na síológ sin a cheadú go dtí an 31 Nollaig 2029. Nuair a dhéantar iad a mhargú, sainaithneofar na hábhair sin le tagairt don Airteagal seo ar an lipéad, agus le doiciméad.";

(6) Leasaítear Iarscríbhinní, I, II, IV agus V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 3

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasuithe ar Threoir 93/49/CEE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/49/CEE mar a leanas:

(1) idir an iontráil maidir le "*Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al*. [ERWIAM]" agus an iontráil maidir le "*Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti &. Gardan) Young, Dye & Wilkie [PSDMPE]", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"*Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto [PSDMAK]	Plandaí le haghaidh plandú seachas síolta *Actinidia* Lindl.	0%"

(2) idir an iontráil maidir le "*Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow [SCIRAC]" agus an iontráil maidir le "*Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni [PLASHA]", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"*Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA]	Plandaí le haghaidh plandú seachas pailin agus síolta *Camellia* L., *Castanea sativa* Mill., *Fraxinus excelsior* L., *Larix decidua* Mill., *Larix kaempferi* (Lamb.) Carrière, *Larix* × *eurolepis* A. Henry, *Pseudotsuga menziesii* (Mirb.) Franco, *Quercus cerris* L., *Quercus ilex* L., *Quercus rubra* L., *Rhododendron* L. seachas *R. simsii* L., *Viburnum* L.	0 %"

IARSCRÍBHINN II

Leasuithe ar Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE

Leasaítear Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, san iontráil maidir le "*Fragaria* L.", sa dara colún, scriostar an iontráil "*Candidatus Phytoplasma australiense* Davis *et al*. [PHYPAU]";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) idir ceannteidil cholúin an tábla agus an iontráil maidir le "*Citrus* L., *Fortunella* Swingle agus *Poncirus* Raf.", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"*Castanea sativa* Mill.	**Fungais agus úimícéití** *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA]"

(b) san iontráil maidir le "*Vaccinium* L.", sa dara colún, roimh an téacs "Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí", cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

"**Fungais agus úimícéití**
Phytophthora ramorum (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA]";

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 1 "*Castanea sativa* Mill." mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) "Catagóir réamhbhunúsach", phointe (c) "Catagóir bhunúsach" agus phointe (d) "Catagóirí deimhnithe agus CAC";

"(b) **Catagóir réamhbhunúsach**

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

Sa chás go gceadaítear do mhaolú chun ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 (*) ón gCoimisiún, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(c) **Catagóir bhunúsach**

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.

(d) **Catagóirí deimhnithe agus CAC**

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

(i) *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ag an láithreán táirgthe ar ábhar iomadaithe na ar phlandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí; nó

— déanfar ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC a léiríonn siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr a bhaint amach ón bhfréamh; déanfar cigireacht sheachtainiúil ar an ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí atá fágtha agus ní aimseofar aon siomptóm ag an láithreán táirgthe ar feadh 3 seachtaine ar a laghad sula seolfar iad.

(ii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

—

— ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí deimhnithe agus CAC a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis;

agus

— I gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:

— laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man isn 't Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a chosc; agus

— tar éis na tréimhse 3 mhí sin:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— déanfar tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimseofar go mbeidh sé saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld; agus

agus

— maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh sé saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld.

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/925 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2017 lena n-údaraítear Ballstáit áirithe, ar bhonn sealadach, le hábhar réamhbhunúsach a dheimhniú a bhaineann le speicis áirithe plandaí torthaí agus a tháirgtear sa pháirc faoi dhálaí nach bhfuil feithid-díonach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/167 (IO L 140, 31.5.2017, lch. 7)";

(b) i Roinn 4 "*Cydonia oblonga* Mill.", pointe (b) "Catagóir réamhbhunúsach", scriostar an chuid "*Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar*";

(c) i Roinn 6, scriostar "*Fragaria* L." pointe (d) "Catagóir deimhnithe", "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar", pointe (iii), an fleasc "1 % i gcás:", an iontráil "*Candidatus Phytoplasma australiense* Davis *et al.*";

(d) Leasaítear Roinn 8 "*Malus* Mill." mar a leanas:

(i) i bpointe (c) "Catagóir bhunúsach", cuirtear an roinn seo a leanas leis:

"*Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar*

(i) *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;

(ii) *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow et al.

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.*; nó

— déanfar cigireacht ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí a léiríonn siomptóim de *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* agus aon phlanda óstaigh a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach.";

(ii) i bpointe (d) "Catagóir dheimhnithe", cuirtear an roinn seo a leanas leis:

"*Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar*

(i) *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó

— ní aimseofar siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider ar chéatadán is mó ná 2 % d'ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe agus de na plandaí torthaí atá fágtha sna luchtóga, luchtóga inar aimsíodh ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómacha, agus aimsíodh go raibh an sampla saor ó *Candidatus* Phytoplasma *mali* Seemüller & Schneider;

(ii) *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.*

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.*; nó

— déanfar cigireacht ar ábhar iomadaithe agus ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí a léiríonn siomptóim de *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* agus aon phlanda óstaigh a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh láithreach.";

(iii) scriostar pointe (e) "Catagóirí bunúsacha agus deimhnithe";

(e) Leasaítear Roinn 12 "*Pyrus* L" mar a leanas:

(i) i bpointe (b) "Catagóir réamhbhunúsach", cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) "*Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider" den roinn "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar":

"— ttáirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir réamhbhunúsach ag an láithreán táirgthe le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;";

(ii) i bpointe (e) "Catagóirí bunúsacha agus deimhnithe", cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) "*Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider" den roinn "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar":

"— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach agus den chatagóir dheimhnithe i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de na catagóirí bunúsacha agus deimhnithe ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó

— ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de na catagóirí bunúsacha agus deimhnithe ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí, a léirigh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider le linn amharc-chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, déanfar iad sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.";

(iii) i bpointe (f) "Catagóir CAC", cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i) "*Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider" den roinn "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar":

"— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus déanfar aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; nó

— ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda eile i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí, a léirigh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma *pyri* Seemüller & Schneider le linn amharc-chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na dtrí shéasúr fáis is déanaí, déanfar iad sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.";

(f) Leasaítear Roinn 15 "*Vaccinium* L" mar a leanas:

(i) i bpointe (b) "Catagóir bhunúsach" sa roinn "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar", cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(iv) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir bhunúsach i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir bhunúsach ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí.";

(ii) i bpointe (d) "Catagóir dheimhnithe" sa roinn "Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar", cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(iii) *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

—

— ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí den chatagóir dheimhnithe a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus ó na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis;

agus

— I gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:

— laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man isn 't Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a chosc; agus

— tar éis na tréimhse 3 mhí sin:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld;

agus

—

— maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld.";

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(e) Catagóir CAC

Ceanglais maidir leis an láithreán táirgthe, láthair táirgthe nó limistéar

— *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld:

— táirgfear ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar ábhar iomadaithe ná ar phlandaí torthaí de chatagóir CAC ag an láithreán táirgthe ar feadh an timthrialla fhásúil iomlán is déanaí;

nó

— ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí de chatagóir CAC a léiríonn siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar iomadaithe siomptómach agus ó na plandaí torthaí siomptómacha, déanfar iad sin a bhaint amach ón bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis; agus

— i gcás gach planda atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó ábhar iomadaithe siomptómach agus de phlandaí torthaí siomptómacha agus aon ábhar iomadaithe agus aon phlanda torthaí atá fágtha ón mbaisc atá buailte:

— laistigh de 3 mhí tar éis ábhar iomadaithe siomptómach agus plandaí torthaí siomptómach a bhrath, ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man isn 't Veld: ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag amanna iomchuí chun an lotnaid a bhrath agus le linn na tréimhse 3 mhí sin, ní dhéanfar aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a chosc; agus tar éis na tréimhse 3 mhí sin:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld;

agus

— maidir le gach ábhar iomadaithe eile agus gach planda torthaí eile ag an láithreán táirgthe:

— ní aimseofar aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar an ábhar iomadaithe sin ná ar na plandaí torthaí sin ag an láithreán táirgthe; nó

— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe sin agus de na plandaí torthaí sin atá le bogadh agus aimsíodh go raibh siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld.";

(4) in Iarscríbhinn V cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "*Prunus amygdalus, P. armeniaca, P. domestica, P. persica* agus *P. salicina*":

"*Prunus armeniaca* L., *Prunus domestica* L., *Prunus dulcis* (Mill.) D. A. Webb, *Prunus persica* (L.) Batsch agus *Prunus salicina* Lindl.".